

# HALL CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

## Treoiríníte Chun An Rotunda, Halla Na Cathrach A Fhrúiliú

Is ionad uathúil agus eisiach é Halla na Cathrach d'aon Ócáid Chorpáraideach a bheidh ar siúl agat. Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil chun a chinntiú go ndéanfar d'ócáid a réachtáil gan stró ar bith.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus grianghrafanna breathnaigh ar: [www.dublincity.ie/dublincityhall](http://www.dublincity.ie/dublincityhall)

Is foirgneamh poiblí é Halla na Cathrach agus bíonn sé ar oscailt don phobal ó Luan go Satharn 10am – 5.15pm. Dúnta ar an Domhnach agus Saoire Bainc.

### *Stíl & Líon Áiteanna*

Is féidir leis an Rotunda freastal ar:

200 – 250 duine ina suí i gcomhdháil

150 – 180 duine ina suí ag féasta

300 – 400 duine ag freastal ar fháiltiú le deochanna/ar chóisir scothfhoirmiúil

### *Táillí An Ionaid*

€4,000 (€3,252.03 glan móide €747.97 CBL ag 23%) in aghaidh na hoíche, le haghaidh dinnéir nó fáiltiú le deochanna, thar dhá uair an chloig go leith (2 ½).

€2,500 (€2,032.52 glan móide €467.48 CBL ag 23%) in aghaidh na hoíche, le haghaidh fáiltiú le deochanna, suas go dtí dhá uair an chloig go leith.

Má théann aon ócáid thar an am sonraithe gearrfar táille orthu dá réir sin.

Tá an spás Taispeántais ar fáil le haghaidh fáiltithe níos lú chomh maith, (100 an t-uasmhéid), praghas ar fáil ach é a iarraidh.

### **Tabhair faoi deara le do thoil**

**Ní mór d'éarlais áirithinte** de €750 (€609.76 glan móide €140.24 CBL ag 23%) a bheith istigh leis an bhfoirm áirithinte agus í líonta isteach, agus ní mór í a íoc roimh an ócáid. Deimhneofar an áirithint nuair a gheofar an éarlais. Ní aisíocfar an éarlais seo. Bainfear an éarlais as an táille fruilithe tar éis na hócáide ach na háiseanna a bheith i gcaoi shásúil.



Pictiúir le caoinchead ó Unique Group, Conferences, Events, Entertainment.



### *Na Seirbhísí A Chlúdaítear*

Beidh na seirbhísí seo a leanas clúdaithe faoin Táille Fruilithe má bhíonn siad ag teastáil:

- Ball tiomnaithe d'fhoireann Halla na Cathrach ar dualgas
- Baill Phearsanra Slándála
- Leictreoir ar an láthair
- Stáitse/Léachtán
- Seomra cótaí agus baill foirne ag obair iontu
- 5 bhord tristéil chóirithe
- 200 cathaoir
- Córas Fógartha Poiblí (PA)

### *An Foirgneamh A Chosaint*

Is foirgneamh atá tábhachtach ó thaobh na staire de é Halla na Cathrach agus tá sé tábhachtach go gcosnófaí agus go ndéanfaí an foirgneamh a chothabháil chun go mbeadh na glúine atá le teacht ábalta taitneamh a bhaint as. Cinntigh, le do thoil, go n-iompróidh tusa agus na conraitheoirí a bheidh ag obair ar do shon sibh féin ar bhealach nach ndéanfaidh damáiste don fhoirgneamh. Is ar na heagraithe a ghearrfar an costas a bhainfidh le deisiú de bharr damáiste ar bith a dhéanfar ag d'ócáid.

## Riachtanais Leictreacha

Beidh leictreoir ar feitheamh le linn an lae agus ar an láthair le linn oíche d'ócáide agus is cóir riachtanais leictreacha ar bith a phlé roimh ré le rannóg na Seirbhísí Leictreacha de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuir na seirbhísí leictreacha ar an eolas, le do thoil, faoi cibé acu – sruth trí phas nó aon phas – a theastóidh uait agus faoin vatacht a theastóidh uait ionas gur féidir an t-ionad a leagan amach dá réir. Bíonn an t-eolas seo ar fáil de ghnáth ó do chuideachtaí lónadóireachta nó siamsaíochta. Cuir ár leictreoirí ar an eolas freisin, le do thoil, faoi threalamh AV, éisteachta nó Theicneolaíocht na Faisnéise ar bith a bheidh in úsáid. Ní mór gach cábla a láimhseáil ar bhealach sábháilte. Téigh i dteagmháil, le do thoil, leis an Uas. Brian King (01) 222 2698.

Ní mór do dhaoine ar bith a bhaineann úsáid as nithe leictreacha i Halla na Cathrach na treoracha a thugann leictreoirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a leanúint.

Cuirfear córas fógartha poiblí (PA) ar fáil; beidh micreafón so-iompartha amháin agus dhá mhicreafón sheasta leis.

## Lónadóireacht

Níl cuideachta lónadóireachta faoi leith ar bith ag Halla na Cathrach gur gá don chliant úsáid a bhaint aisti. Istigh leis seo mar ábhar eolais duit, tá liosta de lónadóirí a d'oibrigh i Halla na Cathrach agus a rabhthas sásta leo. Tabhair na treoirí iniata i gcomhair an lucht oibre lónadóireachta agus lucht oibre an bheáir do na lónadóirí a roghnóidh tú. Is tusa a bheidh freagrach as a chinntiú go gcoifidh an chuideachta lónadóireachta a roghnóidh tú nó conraitheoirí ar bith eile a bheidh ag obair ar do shon leis na rialacháin a bheidh leagtha amach dóibh.

## Plean Ócáide / Cóiriú

Ní mór plean ócáide mionsonraithe i gcomhair gach ócáide a sheoladh chuig Halla na Cathrach coicís, ar a laghad, roimh d'ócáid. Tá sé ríthábhachtach go seolfá ainm na cuideachta lónadóireachta, ainm na cuideachta P.A. nó ainm conraitheora ar bith eile a bheidh ag obair ar son cliant isteach in éineacht leis an bplean ócáide seo. D'fhéadfadh go mbeadh soiléiriú sa bhreis nó ráiteas sábháilteachta don ócáid ag teastáil ag an bpointe sin.

Ní mór socrú a dhéanamh roimh d'ócáid má theastaíonn am uait chun trealamh/seirbhísí lónadóireachta/suíocháin/boird agus araile a shocrú nó a bhaint ó chéile roimh nó tar éis na hócáide. Gearrfar táillí cuí ar chliant a sháróidh an comhaontú seo.

Bíonn Halla na Cathrach ar oscailt don phobal ar feadh an lae agus mar sin ní mór meas a thaispeáint do thurasóirí agus do dhaoine ar bith a bheadh ar na turais threoraithe a bhíonn ar siúl.

Ní mór a fháil amach sula socraítear an imeacht an mbeadh sé feiliúnach seiceálacha fuaimne agus araile a dhéanamh.

## Seachadtaí

Níl Halla na Cathrach freagrach as seachadtaí ná bailiúcháin ar bith i gcomhair ócáide. Ní ghlacfar le seachadtaí ar an áitreabh

ach amháin nuair a bheidh socrú déanta roimh ré lena n-aghaidh. Ní mór seachadtaí a stóráil go sábháilte agus go néata. Ní mór seachadtaí a threorú isteach trí thaobh dhoras Hall na Cathrach ar Shráid an Chaisleáin.

## Árachas

Ní mór Árachas Dlíteanais Phoiblí a sholáthar trí seachtaine roimh ré a shlánóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh €6.4 milliún (euro). Má theipeann ort an doiciméad seo a chur ar fáil cuirfear an ócáid ar ceal agus ní dhéanfar socrú ar bith eile go dtí go ngeofar an doiciméad seo.

1. Ní mór gach comhfhreagras a bheith ar pháipéar ceanteidil na Cuideachta Árachais.
2. Ní mór ainm an árachóra a thabhairt.
3. Ní mór uimhir an Pholasáí a lua.
4. Ní mór go luafaí sna focail go slánaíonn an polasáí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in aghaidh Dlíteanas Poiblí de €6.4 milliún.
5. Ní mór tréimhse an árachais a lua ar an bpolasáí.

Má theipeann ort comhfhreagras na Cuideachta Árachais a chur isteach cuirfear an ócáid ar ceal.

## Sláinte & Sábháilteacht

Is sonraí éigeantacha na sonraí seo a leanas.

Ní mór don chliant duine a ainmniú chun gníomhú mar Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta le linn na hócáide. Is cóir don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta é/i féin a chur in aithne d'oifigeach idirchaidrimh Halla na Cathrach ag tús na hócáide ionas go mbeidh sé/sí i dteagmháil leis/léi le linn na hócáide.

Ní mór don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta fógra sábháilteachta a thabhairt amach ag tús na hócáide agus na slite éalaithe go léir agus an t-ionad tionóil a thaispeáint agus ní mór dó/di a fhógairt go bhfuil cosc ar chaitheamh tobac san fhoirgneamh. Cuirfidh foireann Halla na Cathrach an fógra seo ar fáil.

Ní mór socrú a nós imeachta roimh ré ionas go mbeidh ar chumas na n-aíonna, go háirithe aíonna ar bith faoi mhíchumas a bheadh i láthair, éalú go sábháilte as an bhfoirgneamh. Is cóir liosta de na daoine go léir a bheadh i láthair a thabhairt d'ionadaí Sábháilteachta Halla na Cathrach ag tús na hócáide.







## *Téarmaí Agus Coinníollacha*

- Ní mór do chliaint ionadaí a bheith ar an láthair roimh thús na hócáide agus lena linn chun casadh le hionadaí Halla na Cathrach.
- Tá cosc iomlán ar chaitheamh tobac i ngach cuid den fhoirgneamh.
- Ní cheadaítear balúin ná maisiúcháin ar bith den chineál sin a úsáid. Is féidir cúra saorsheasaimh a úsáid. Pléigh do phlean maisiúcháin le foireann Halla na Cathrach tamall maith roimh d'ócáid le do thoil.
- Tá cosc iomlán ar théip chumhdaigh a úsáid. Ní féidir dada a ghreamú den urlár ná de na ballaí le téip nó blu-tack ná le haon substaint den chineál sin.
- Ceadáítear fótagrafaíocht tráchtála agus scannánaíocht agus clár faisnéise a dhéanamh ach cead a bheith faighte.
- Ní cheadaítear damhsa i Halla na Cathrach – mar gheall ar an urlár marmair sárluachmhar atá ann.
- Níl cead ag aíonna deochanna a bheith ar iompar acu ar an staighre de bharr cúiseanna Sláinte agus Sábháilteachta. Is é/í eagraí na hócáide a bheidh freagrach as iallach a chur ar aíonna gan deochanna a thabhairt suas/síos an staighre.
- Ní mór gach trealamh a chur i leataobh go néata ag deireadh d'ócáide agus iad a thógáil amach as an bhfoirgneamh roimh a 10 a chlog maidin lá arna mhárach. Gearrfar pionóis mura gcloífeadh leis seo.
- Ní miste bheith cúirtéiseach le foireann Halla na Cathrach a bhíonn ag obair roimh ré agus le linn d'ócáid.
- Ní mór an trealamh go léir a chrochadh (ach amháin i gcás go bhfuil rothaí rubair fúthu) agus GAN iad a tharraingt i do dhiaidh ar urlár an Rotunda. Gearrfar táillí as aon damáiste a dhéanfar don urlár nó d'aon chuid do Halla na Cathrach.

## *Treoiríníte Lónadóireachta*

- Ní mór an t-eolas seo a leanas a thabhairt don Fhoireann Lónadóireachta agus d'Fhoireann an Bheáir roimh d'ócáid, cibé acu ar úsáid nó nár úsáid siad Halla na Cathrach roimhe seo:
- Ní cheadaítear cócaireacht a dhéanamh ann. Is féidir bia a ath-théamh istigh ann. Ní cheadaítear sorcóir gáis.
  - Ní bheidh Halla na Cathrach freagrach ar bhealach ar bith as seachadtaí. Ní ghlacfar le seachadtaí ar an láthair ach amháin nuair a bheidh socruithe lena n-aghaidh déanta roimh ré.
  - Cuir Halla na Cathrach ar an eolas, le do thoil, faoin vatacht a theastóidh agus faoi cibé acu an sruth trí phas nó aon phas a theastóidh uait. Teastóidh an t-eolas seo ónár leictreoirí chun an áit a réiteach.
  - Ní mór don fhoireann lónadóireachta agus d'fhoireann an bheáir boird agus éadach na mbord dá gcuid féin agus clúdach oiriúnach urláir (mataí urláir le bonn rubair) a chur ar fáil i ngach áit ina n-ullmhófar agus ina réiteofar bia agus deoch. Ní mór an t-urlár ar gach taobh den bheáir a chlúdach le mataí.
  - Ceadáítear alcól a leagan chuig daoine cé is móide do bheoir bhairille.
  - Ní mór baill foirne as an mbeáir a bheith ar fáil chun dul thart ag bailiú gloiní agus buidéal le linn na hócáide. Ní mór gach deoch a dhoirtfeadh a ghlanadh suas láithreach le héadach tais. Ní cheadaítear aon ghlantach glantacháin ná aon ghlantach scríobach a úsáid ar an urlár.
  - Níl sé d'acmhainn ag Halla na Cathrach earraí ar bith gur gá iad a choinneáil i gcuiseoir, a stóráil.
  - Is gá treoracha leictreoirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a leanúint.
  - Ní mór gach trealamh, bruscar, gloiní, buidéal agus earraí ar bith eile a thógáil amach as an bhfoirgneamh roimh a 10 a chlog maidin lá arna mhárach. Gearrfar pionóis mura gcloífeadh leis seo.

## *Liosta De Chuideachtaí Lónadóireachta A D'fhreastail Ar Ócáidí I Halla Na Cathrach*

Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil socruithe speisialta ar bith ag Halla na Cathrach leis na cuideachtaí seo maidir leis an bpraghas ná maidir leis an gcineál bia. Tá na cuideachtaí go léir ar an eolas faoi shocruithe lónadóireachta san fhoirgneamh agus d'oibrigh siad anseo cheana. Ní thugaimid tús áite do cheann amháin thar cheann eile.

### **Tír na nÓg Caife**

City Hall, Dame Street, Dublin 2.

**Téigh i dteagmháil le:** Tony Hegarty

T. (01) 675 3979

Fón Póca: (087) 274 9796

R-phost: info@tirnanog-caife.ie

www.tirnanog-caife.ie

### **The Right Catering Company**

Rosemount Road, Phibsboro, Dublin 7.

**Téigh i dteagmháil le:** Stephen O'Donoghue

Fón Póca: (087) 262 0240

R-Phost: stephen@therightcateringcompany.com

www.therightcateringcompany.com

### **Brambles Catering**

Aonad C4 Páirc Ghnó Dheisceart na Cathrach,  
Bealach Bhaile an Fhaoitigh, Baile Átha Cliath 24.

**Téigh i dteagmháil le:** Maeve Reid

T. (01) 468 5000

Fón Póca: (087) 243 1005

R-Phost: maeve@brambles.ie

www.brambles.ie

### **Vinny Hanlon Catering**

Aonad 3 Cúirt Atlas, Páirc Ghnó na Gníomhaireachta,  
Forbartha Tionscail An Chrois Theas,  
Bré, Co. Chill Mhantáin.

**Téigh i dteagmháil le:** Vinny Hanlon

T. (01) 211 6522

Fón Póca: (086) 257 9468

R-Phost: info@vhanloncatering.ie

www.vhanloncatering.ie

### **With Taste Banqueting Services**

Aonad 60, Ionad Tionsclaíoch Ghort na Silíní,  
Baile Átha Cliath 10.

**Téigh i dteagmháil le:** Geraldine Lyons

T. (01) 626 8293

Fón Póca: (087) 276 3097

R-Phost: info@withtaste.ie

www.withtaste.ie

### **Café Solo**

4 Ashwood House, Main Street, Shankill, Co. Dublin.

**Téigh i dteagmháil le:** Ian Kiely

T. (01) 239 0000

Fón Póca: (087) 982 4031

R-Phost: soloshankill@hotmail.com

### **The Silk Road Café**

Chester Beatty Library, Dublin Castle, Dublin 2.

**Téigh i dteagmháil le:** Rikke Sorensen

T. (01) 407 0770

R-Phost: catering@silkroadcafe.ie

www.silkroadcafe.ie

### **Egan Hospitality**

Kingswood House, Kingswood Cross, Naas Road, Dublin 12.

**Téigh i dteagmháil le:** Darryl Egan

T. (01) 464 2732

Fón Póca: (086) 251 2018

R-Phost: degan@eganhospitality.com

www.eganhospitality.com

### **Knights Catering Ltd**

Somerset House, Stradbroad Road, Blackrock, Co. Dublin.

**Téigh i dteagmháil le:** Deirdre Fitzgerald

T. (01) 287 1554

Fón Póca: (087) 797 5161

R-Phost: deirdre@knights catering.ie

www.knights catering.ie

### **Ali Davis Food**

4 Hatch Street, Dublin 2

**Téigh i dteagmháil le:** Alison Davis

Fón Póca: (086) 841 5939

R-Phost: info@alidavisfood.com

www.alidavisfood.com